Burtonport to Letterkenny Greenway
Glasbhealach Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn

*Non-Statutory Public Consultation No. 1*
*Study Area, Constraints and Opportunities (March 23)*

Donegal County Council with the support of Transport Infrastructure Ireland, invite residents of the area, members of the public and other interested parties to participate in a non-statutory public consultation on the Study Area, Constraints and Opportunities for the Burtonport to Letterkenny Greenway Project.
This project aims to provide an attractive trail between the settlements of Letterkenny and Burtonport in County Donegal, mainly to be used for recreational purposes by pedestrians, cyclists and people with impaired mobility. It will also provide a great recreational facility and social support for local communities, also drawing domestic and international visitors to the area benefitting the social and economic factors in the settlements located along the selected route. It will also act as a valuable corridor providing a safe, sustainable and healthy modal option for all users.

It is anticipated that the provision of a greenway in this location will provide enhanced access to the wider region, enticing users to explore its surrounding towns and villages and further develop the untapped tourism potential within the region. The project also provides the opportunity to highlight the historical and educational significance of such places, whilst promoting the scenic nature of the surrounding area. Furthermore, linking Burtonport and the various rural settlements along the selected route to Letterkenny will greatly improve accessibility.

## Further information

For further details please refer to our dedicated project website: burtonportletterkennygreenway.ie

If you cannot attend one of our in-person events and are unable to access the website, please feel free to contact the project team by email on burtonportletterkennygreenway@aecom.com
or by post at Greenways Capital Projects, Donegal County Council, County House, Lifford, Co. Donegal, F93 Y622

For further information, please see overleaf.
Kind Regards,
Burtonport to Letterkenny Greenway Project Team

*Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil Uimh. 1*
*Réimse Staidéir, Constaicí agus Deiseanna (Márta 23)*

Tugann Comhairle Chontae Dhún na nGall, le cúnamh taca ó Bhonneagar Iompair Éireann, cuireadh do dhaoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar, do dhaoine den phobal agus do pháirtithe ar spéis leo an t-ábhar páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar an Réimse Staidéir, Constaicí agus Deiseanna maidir le Tionscadal Ghlasbhealach Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn.
Tá de chuspóir leis an tionscadal seo slí tharraingteach a chur ar fáil idir lonnaíocht Leitir Ceanainn agus lonnaíocht Ailt an Chorráin i gContae Dhún na nGall, le húsáid den chuid is mó ar mhaithe le caitheamh aimsire ag lucht coisíochta agus rothaíochta agus ag daoine a bhfuil bac ar a gcuid gluaiseachta. Cuirfidh sé saoráid áineasa iontach agus tacaíocht shóisialta ar fáil do phobail áitiúla freisin agus tarraingeofar cuairteoirí baile agus idirnáisiúnta isteach chuig an cheantar, rud a bheidh ina bhuntáiste do na tosca sóisialta agus eacnamaíochta sna lonnaíochtaí atá suite feadh an bhealaigh roghnaithe. Beidh sin freisin ina chonair fhiúntach chun rogha sábháilte, inbhuanaithe agus folláin a chur ar fáil don lucht úsáide uile.
Táthar ag tnúth go bhfágfaidh glasbhealach a chur ar fáil sa cheantar freisin gur furasta is féidir réimsí den cheantar a thaobhú, go mealltar dá bhrí sin an lucht úsáide chun na bailte móra agus beaga máguaird a thaithí agus go dtugtar i gcrích an tairbhe is féidir a bhaint go fóill as an turasóireacht sa cheantar. Tugtar deis leis an togra seo chomh maith aird a dhíriú ar thábhacht áiteanna ó thaobh cúrsaí staire nó oideachais, an tráth céanna a gcuirtear scéimhe agus sceirdiúlacht na radharc chun cinn. Ina theannta sin má cheanglaítear Ailt an Chorráin le lonnaíochtaí tuaithe éagsúla feadh an bhealaigh roghnaithe go Leitir Ceanainn, feabhsófar rochtain ar an áit.

## Eolas Breise

Tá mioneolas breise ar fáil ar láithreán gréasáin faoi leith an tionscadail: burtonportletterkennygreenway.ie

Sa chás nach féidir leat a theacht i láthair ag ceann de na himeachtaí ná an láithreán gréasáin a cheadú, tá gach fáilte roimh theagmháil a dhéanamh le meitheal an tionscadail ar an ríomhphost ag burtonportletterkennygreenway@aecom.com nó trí litir a scríobh chuig Tionscadail Caipitil Glasbhealaí, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall, F93 Y622.

Tugtar breis eolais ina leith seo thall. Le dea-mhéin,
Meitheal Thionscadal Ghlasbhealach Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

ROD Roughan & O'Donovan
AECOM

## What's Happening Now?

Donegal County Council have recently commissioned a consultancy services team, ROD-AECOM, to assist in the development of the Burtonport to Letterkenny Greenway Project.

As part of Phase 1 (Concept and Feasibility), the project team has identified a Study Area and are in the process of identifying constraints that may influence option selection, and any key features or opportunities that would go towards enabling a good user experience.



## Your Involvement

Your participation in this consultation is important and we would value any feedback which you think should be reviewed by the project team to help inform the development of the project.

Two in-person public consultation events will take place as follows:

Letterkenny PSC, Neil T. Blaney Road, Letterkenny, F92 TNY3

- *Tuesday 28th March 2023 - 14:00-20:00*

Dungloe PSC, Gweedore Road, Dungloe, F94 H4CF

- *Wednesday 29th March 2023 - 14:00-20:00*

After the conclusion of the in-person consultation events above, public displays will be made available for a period of two weeks until Friday 14th April at the following locations:

- Letterkenny Public Service Centre (Foyer). Opening hours 09:00 – 16.30 (Monday – Friday).
- Dungloe Public Service Centre (Foyer). Opening hours 09:00 – 16.30 (Monday – Friday).
- An Craoibhin Community Enterprise Centre, Termon F92 TY09. Opening Hours 08:00 – 18:00 (Monday – Friday).

Please examine the Study Area, Constraints and Opportunities already identified and let your comments be known by completing the questionnaire.

For additional project information, or to complete the feedback form online, please visit the dedicated project website at burtonportletterkennygreenway.ie

Information will be accessible online from Friday 24th March 2023. Submissions will be accepted until Friday 14th April 2023.

Alternatively, please fill out the enclosed questionnaire and respond by post or scan and email by: Friday 14th April 2023.

Email: burtonportletterkennygreenway@aecom.com

Post: Greenways Capital Projects, Donegal County Council, County House, Lifford, Co. Donegal, F93 Y622

## Cad é atá ar siúl faoi láthair?

Chuir Comhairle Chontae Dhún na nGall meitheal seirbhísí comhairleachta, ROD-AECOM, ar conradh le tamall anuas chun cuidiú le tionscadal Ghlasbhealach Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn a thabhairt chun cinn. Mar chuid de Chéim 1 (Coincheapadh agus Féidearthacht), tá Réimse Staidéir leagtha amach ag meitheal an tionscadail agus táthar i mbun constaicí a thabhairt chun suntais a bhféadfadh cur isteach ar roghnú rogha chomh maith le haon ghnéithe tábhachtacha nó deiseanna a d'fhéadfadh cur leis an taitneamh a mbainfeadh an lucht úsáide as.



## Rannpháirtíocht an Phobail

Tá tábhacht le do pháirt féin sa chomhairliúchán seo agus ba mhór againn dá gcuirfí in iúl aon ábhar faisnéise nó tuairime a mheastar gur tábhachtach go ndéanfadh meitheal an tionscadail é a bhreithniú mar bhonn eolais d'fhorbairt an tionscadail.

Beidh dhá ócáid comhairliúcháin do dhaoine ar an láthair á gcur ar siúl mar seo a leanas:

Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T. Blaney, Leitir Ceanainn, F92 TNY3

- *Dé Máirt an 28 Márta 2023 - 14:00-20:00*

Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath, F94 H4CF

- *Dé Céadaoin an 29 Márta 2023 - 14:00-20:00*

Tar éis an chomhairliúcháin ar na hócáidí comhairliúcháin ar na láithreacha atá thuas, cuirfear taispeántais phoiblí ar fáil ar feadh tréimhse coicíse go dtí Dé hAoine an 14 Aibreán ag na láithreacha seo a leanas:

- Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn (Forhalla). Uaireanta oscailte 09:00 – 16.30 (Luan – Aoine).
- Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith (Forhalla). Uaireanta oscailte 09:00 – 16.30 (Luan – Aoine).
- Ionad Fiontair Pobail an Chraoibhín, An Tearmann, F92 TY09. Uaireanta Oscailte 08:00 – 18:00 (Luan – Aoine).

Scrúdaigh, le do thoil, an Réimse Staidéir, na Constaicí agus na Deiseanna atá sonraithe cheana agus cuir do chuid tuairimí in iúl tríd an gceistiúchán a líonadh isteach. Maidir le heolas breise faoin tionscadal, nó chun foirm aiseolais a líonadh isteach ar líne, téigh chuig an láithreán gréasáin faoi leith maidir leis an tionscadal seo ag burtonportletterkennygreenway.ie

Beidh eolas le fáil ar líne ó Dé hAoine, an 24 Márta 2023 ar aghaidh. Beidh glacadh le haighneachtaí a chuirtear faoi bhráid go dtí Dé hAoine, an 14 Aibreán 2023.

De mhalairt air sin, is féidir an ceistiúchán atá isteach leis seo a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais ar an bpost (nó a scanadh agus a sheoladh le teachtaireacht ríomhphoist) faoi: Dé hAoine, an 14 Aibreán 2023.

Ríomhphost: burtonportletterkennygreenway@aecom.com

Seoladh Poist: Tionscadail Caipitil Glasbhealaí, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall, F93 Y622.

# Figure 1 – Proposed Study Area / Fíor 1 - Limistéar Staidéir Beartaithe






*Extract taken from the Code of Best Practice for National and Regional Greenways:
*Sliocht tógtha as an gCód Dea-Chleachtais do Thionscadail Glasbhealaigh Náisiúnta agus Réigiúnacha:*
https://www.gov.ie/en/publication/6b6a0-code-of-best-practice-for-national-and-regional-greenways/

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland